CAIBIDIL 6 SEIRBHÍSÍ AGUS COSAINT NA TIMPEALLACHTA

6.1 CÚLRA

Tá na seirbhísí Uisce, Timpeallachta agus Éigeandála cónasctha anois ag leibheáil lárnach agus réigiúnach de réir an phróisis leasaithe ar Rialtas Áitiúil. I ndáil leis na seirbhísí seo, tá sé de dhualgas ar an Chomhairle forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar an bhonneagar uisce agus timpeallachta ar mhaithe leis an phobal agus caomhnú a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha – aer, uisce agus ithir – de réir na bprionsabal i leith forbairt inbhuanaithe.

CUSPÓIR

Cuidiú le forbairt inbhuanaithe sa Chontae tré chaomhnú na timpeallachta agus seirbhísí maithe timpeallachta a chur ar fáil. Is ionann córas inbhuanaithe agus córas ina bhfuil meas ar an **timpeallacht nádúrtha,** ar an **gheilleagar** agus ar na riachtanaisí **sóisialta** agus **cultúrtha,** atá ag an phobal.

AIDHMEANNA

Seirbhís shásúil a chur ar fáil trí chórais inbhuanaithe do gach áitritheoir, i ndáil le:

- (a) Soláthar Uisce inólta don teach;
  (b) Córas cruinnithe agus diúscartha Fuíolluisce tí;
  (c) Soláthar leordhóthanach uisce do thionscail agus gnónna;
  (d) Córas cruinnithe Fuíolluisce atá oiriúnach do chuspóirí tionsclaíochta agus tráchtála;
  (e) Smachta sásúla do chóireáil agus diúscairt fuíolluisce tionsclaíochta;
  (f) Cruinniú, cóireáil agus diúscairt ar Dhramhaíl Tí;
  (g) Smachta sásúla ar chruinniú, cóireáil agus diúscairt ar Dhramhaíl Tráchtála agus Tionsclaíochta;
- Uisce dromchla agus uisce faoin talaimh a chosaint ar thruailliú;
- Soláthar leordhóthanach uisce do thionscail agus gnónna;
- Aerthruailliú agus truailliú de dheasca torainn a laghdú;
- Tacaíocht a chur ar fáil chun gach cineál truailliú a mhaolú;
- Seirbhís Tréidliachta a sholáthar chun sláinte agus leas ainmhithe agus daoine a chosaint tríd an reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm;
- Seirbhís Dóiteáin éifeachtach a bheas in inmhe deileáil le gach uile sórt eachtra éigeándála ar mhaithe le beatha agus maoin daoine a chosaint;
- Tacaíocht ón phobal a chur ar fáil do na seirbhísí éigeandála trí Cosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothú mar eagraíocht dheonach éifeachtach;
- Déanamh cinnte go gcloítear go hiomlán le rialacháin ábhartha Náisiúnta agus Eorpacha trí mhonatóireacht agus smachtú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha.
- Soláthar de chórais cóireála fuílluisce dóthanach do cheantair uirbeach agus d'aonaid tionsclaíocha, más ábhartha.

6.2 TOSAÍOCHT ACMHAINNÍ

Tabharfar tús áite do chionroinnt acmhainní breise chun seirbhísí a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú, mar a leanas:

(i) Le caighdeán a chinntiú;
(ii) Le freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair;
(iii) Le cumas leathnaithe eacnamaíoch a mhéadú.

6.3 FRÁMAÍOCHT POLASAÍ

Tá cláracha do Sheirbhísí Uisce agus Timpeallachta rialaithe de réir treoracha an Aontais Eorpaigh ar úsáid uiscí nádúrtha, macasamhail Uiscí Astarraingthe (75/440/EEC), Uiscí Iascaigh (78/659/EEC), Uiscí Snámha (76/160/EEC), Uiscí Sliogéisc (79/923/EEC) agus araile, agus i ndáil le smacht a choinneáil ar ghníomaíochtaí a chuireann isteach ar uiscí, leithédí an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbeach (91/271/EEC), an Treoir um Níotráití (91/676/EEC) an Treoir IPPC (96/661/EEC), an Treoir um Uisce Óil (80/778/EEC), Treoir um Uisce Talún (80/68/EEC), Treoir um Láithreáin Líonta Talún (99/31/EC) agus araile. De ghnáth, cuirtear na treoracha seo isteach in Achtanna an Oireachtais agus i Rialacháin SI. Mar shampla, cuirtear an Treoir um Fhrámaíocht Uisce (2000/60/EC) i bhfeidhm in Éirinn trí Threoracha an Aontais Eorpaigh (Polasaí Uisce) – SI Uimh. 722 de 2003. Déanann an Treoir dheireanach seo iarracht frámaíocht Eorpach a leagan síos fá choinne na treoracha uilig do chaomhnú uiscí nádúrtha a chomhlíonadh.

Cuirtear polasaí an Rialtais ina leith seo in iúl don Chomhairle go rialta fríd chiorcláin an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá an maoiniú ar choinníoll go gcomhlíontar na polasaithe seo.

Brathann an Chomhairle ar Phrionsabail Eorpacha a bhfuil glactha leo le haghaidh cosaint na timpeallachta, iad seo a lenas ina measc, ***Forbairt Inbhuanaithe*****,** ***Prionsabal "Íoc mar a thruaillítear",*** an ***Prionsabal Gaireachta*** agus an ***Prionsabal Réamhaireach,*** i bhforbairt agus i gcomhlíonadh na bpolasaithe comhshaoil.

6.4 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Tá forbairt déanta ag an Chomhairle ar réimse leathan polasaithe le haghaidh Seirbhísí agus Cosaint na Timpeallachta, mar a leanas:-

POLASAÍ UIMH. ESPI – COSAINT NA TIMPEALLACHTA

Faireachán a dhéanamh ar an cur isteach atá ag gníomhaíochtaí an duine ar ithir, aer agus uisce agus cur in éadan tionchair dhiúltacha trí smacht, ceadúnais agus idirghabháil dhíreach.

POLASAÍ UIMH. ESP2 – RIOSCA TUILTE AGUS FORBAIRT

Go bunúsach, níl smacht ar bith ag an duine ar na cúiseanna le tuilte, fearthainn throm agus leibhéil arda farraige. Ag an am céanna, is féidir aghaidh a thabhairt ar chuid de na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar leitheadacht agus déine na dtuilte. Is cinnte gurb é forbairt ceann de na fachtóirí is mó a bhfuil tionchar acu, go háirithe forbairt i dtuilemhánna. Ba chóir cuimhne a choinneáil i gcónaí ar bhaol tuilte nuair atáthar ag smaoineamh ar fhorbairt, ní amháin ar mhaithe leis na daoine atá ag cur an fhorbairt chun tosaigh ach fosta ar mhaithe leis an phobal go ginearálta.

Is é polasaí an Chomhairle nár chóir don fhorbairt í féin a bheith i mbaol tuilte agus nár chóir dí a bheith ina cúis leis an riosca céanna a beith amhlaidh, nó a dhéanamh níos measa, in áiteanna eile.

Chun an sprioc seo a bhaint amach, cuirfear na forálacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Go ginearálta, ní cheadófar forbairt, a bheadh goilliúnach ó thaobh tuilte, i gceantair atá tugtha dá leithéid.
- D'fhéadfaí forbairt atá deartha go faichilleach agus nach mbeadh tionchar ag tuilte uirthi, a cheadú i dtuilemhánna ar choinníoll nach laghdaíonn a leithéid achar na tuilemhá agus nach gcuireann sí bac ar an sruth trasna na tuilemhá.

- Chomh fada is atá praiticiúil, caithfidh forbairt an méid soláthair agus is féidir do laghdú agus méid rith srutha a chur san áireamh.
    - Ba chóir achair le dromchlaí crua (áiteanna páirceála carr &rl) a bheith déanta as ábhar tréscaoilteach nó leath-tréscaoilteach.
    - Ba chóir linnte d'uisce stoirme a chur ar fáil ar an suíomh chun rith srutha breise ón fhorbairt a stóráil agus/nó a mhaolú, ag cur san áireamh Córais Draenála Uirbeach Inbhuanaithe.
    - Ba chóir súmairí nó draenáil Fhrancach a chur ar fáil chun insíothlú agus rith srutha breise a laghdú.
- Maidir le forbairtí atá díreach in aice le sruthchúrsaí ag a bhfuil cumas iompair shuntasach, caithfear aon struchtúr (dromchlaí crua san áireamh) a lonnú siar ó bhruach an tsruthchúrsa sa dóigh nach gcuirfear bac le rochtain i gcomhair glanadh/cothabháil an chainéil.
- De ghnáth, ní cheadófar forbairtí ina mbeadh tógáil i gceist ar chlaífoirt, piaraí leathan droichid, nó struchtúir dá leithéid laistigh de, nó trasna, tuilemhánna nó cainéil aibhneacha.
- Caithfidh forbairt úrnua ar bith a bheith deartha agus tógtha de réir na gcaighdeán deartha seo a leanas i gcomhair íosmhéid tuile:
    - Do cheantair Uirbeacha nó d'áiteanna ina bhfuil forbairtí (ann cheana féin, molta nó beartaithe) i gceist – os cionn tuile 100 bliain.
    - Do cheantair Tuaithe nó d'áiteanna nach bhfuil tuilleadh forbairtí (ann cheana féin, molta nó beartaithe) i gceist – tuile 25 bliain,
    - Le fad an Chósta agus Inbhir – leibhéal taoide 200 bliain.
    - Áit ar bith a bhfuil lintéireachta a dhéanamh ar shrutháin, ar dhraenacha oscailte nó uiscechúrsaí eile – caithfidh méid an lintéir cloí leis na caighdeáin deartha thuasluaite agus a bheith inrochtana do chothabháil.
- I gcás iarratais ar Chead Pleanála i gceantair forbraíochta atá níos mó ná 1 Heicteár, caithfidh measúnú tionchair tuille agus moltaí do stóráil nó maolú ar dhoirteadh/rith chun sruth (draenacha d'uisce bréan san áireamh) chun a chinntiú nach méadófaidh an fhorbairt an baol tuile sa sprioc-cheantar.

POLASAÍ UIMH. ESP 3 (a) – BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA – PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

Tá Plean Bainistíochta Dramhaíola déanta ag an Chomhairle de réir fhorálacha an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Leagan an plean seo síos polasaithe agus straitéisí na Comhairle Contae do bhainistiú dramhaíola. Tugann an Plean aghaidh ar na riachtanais i bpolasaí an rialtais agus na haidhmeanna náisiúnta atá leagtha síos i bhfoilseachán an Rialtais "Waste Management – *Changing Our Ways"* . De bhrí go bhfuil easnaimh infreastruchtúracha aitheanta sa Phlean, moltar go ndéanfaí forbairt ar Bhonneagar do Bhainistiú Dramhaíola. Baineann na polasaithe ábhartha leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:-

<u>LÍONADH TALÚN</u>

Staidéar a dhéanamh ar cheithre láithreán líonta talún atá innealta go nua-aimseartha i gcomhcheangal leis an Phlean Bainistíochta Dramhaíola. Tá láithreán líonta talún nua-aimseartha amháin ag an Chomhairle cheana féin ag Baile na Carraige, Baile an tSratha, agus tá ceann eile beartaithe do Mhín na bPoll, Mín an Ruaidh. Tá iniúchadh ar siúl le haimsiú a dhéanamh ar láithreán líonta talún a bheadh fóirsteaneach do Inis Eoghain.

<u>LÁITHREACHA CONLÁISTE POBAIL / IONAID ATHCHÚRSÁLA</u>

Láithreacha Conláiste Pobail/Ionaid Athchúrsála a fhorbairt ag Srath an Urláir, Leitir Ceanainn agus an Lathaigh. Tá Láthair Chonláiste Pobail/Ionad Athchúrsála cheana

féin ag an Chomhairle i gCarn Domhnach agus tá maoiniú á chuartú le dhá shuíomh a fhorbairt i dtoghcheantair na nGleanntach agus Baile na nGallóglach. Chomh maith leis sin, déanfar forbairt ar láthair chonláiste pobail i gceantar Bhun Cranncha / Inis Eoghain Theas i rith tréimhse an phlean.

ÁIS AISGHABHÁLA ÁBHAIR

Stáisiún Aistriúcháin / Áis Áisghabhála Ábhair a fhorbairt in aice le Leitir Ceanainn fá choinne ábhar athchúrsála tirim agus lárionad múirín do dhramhaíl in-bhith-dhíghrádaithe a tógtar ó cholbhaí na gcosán sráide.

PLEAN BAINISTÍOCHTA SLUDAIGH

Ceithre ionad cóireála d'fhuíolluisce sludaigh a fhorbairt ar fud an Chontae i gcomhcheangal le Plean Bainistíochta Sludaigh, atá curtha isteach sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola, agus a chuireann creatlach ar fáil do chóireáil sludaigh a thagann ó choireáil dramhaíola agus fuíolluisce sa Chontae. Tá straitéis leagtha amach sa phlean fá choinne bailiúchán, iompar, láimhseáil agus cóireáil agus diúscairt dheiridh an tsludaigh. Is é an bealach diúscartha is fearr fá choinne fuíolluisce sludaigh ná úsáid a bhaint as an iarmhar bithsholadach, i ndiaidh aimridiú agus triomú, le haghaidh bláthanna agus feirmeoireachta. Beidh na láitheacha seo lonnaithe sna hIonaid Cóireála Fuíolluisce i mBaile Dhún na nGall, i nGaoth Dobhair, i Leitir Ceanainn agus Bun Cranncha.

POLASAÍ UIMH. ESP 3(b) – BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA – PLEAN BAINISTÍOCHTA BRUSCAIR

Is é polasaí na Comhairle ná Plean Bainistíochta Bruscair a chur i bhfeidhm.

Tá dualgas ar an Chomhairle agus ar Chomhairlí Baile Bhun Cranncha, Bhun Dobhráin agus Leitir Ceanainn an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, a chur i bhfeidhm ina gceantar féin. De réir an Achta, tá sé d'iallach ar gach Údarás Áitiúil plean do Bhainistiú Bruscar a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tá na ceithre húdarás sásta plean comhpháirteach a chur ar fáil don Chontae. Beidh maoir bruscair freagrach as an Acht um Thruailliú ó Bhruscar agus an Acht um Bainistiú Dramhaíola a chur i bhfeidhm. Tá maoir lánaimseartha ag an Chomhairle faoi láthair agus is féidir leo rabhadh béil/scríofa a thabhairt, fíneáil ar an spota agus dumpáil mídhleathach a fhiosrú. Chomh maith leis sin, tá aonaid soghluaiste ag an Chomhairle agus iad ag taisteal ar fud an Chontae ag bailiú bruscar ó láithreacha picnic, ó thránna agus ó thaobh na mbóithre. Glacann na haonaid seo páirt mhór i gClár Glanta Earraigh / Samhraidh an Chontae. Tá sé tábhachtach go rachfaí i ngleic le ceist an bhruscair, rud atá ina fhadhb mhór ar fud na hÉireann, tré chlár cuimsitheach d'oideachas poiblí a chur chun tosaigh siocair go dtugann an bruscar an-droch íomhá don tír, go háirithe do chuairteoirí.

POLASAÍ UIMH. ESP 4 – COSAINT SCREAMHUISCE

Is mian leis an Chomhairle láithreacha tábhachtacha d'uisce faoin talamh a aimsiú tré suirbhéanna geolaíocha agus hidreolaíocha a dhéanamh agus a leithéid a chosaint tríd an clár cosanta timpeallachta agus córas pleanála talamhúsáide. Beidh na rialacháin bunaithe ar chur chuige bainistíochta riosca a dhéanfas iarracht a theacht ar eolas faoi nádúr na guaise, leochaileacht an uisce faoin talamh agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh tarlú i gcás truaillithe. I gContae Dhún na nGall tá dornán uiscíoch áitiúil a stórálann cuid mhór uisce agus a bhfuil tábhacht ag baint leo siocair go bhfuil ar a gcumas uisce a stóráil do ghrúpscéimeanna agus do scéimeanna sráidbhailte (m.sh. cladaí Loch Feabhail, sil-leaganacha gairbhéil abhann ag Cionn Fhánada, agus sil-leaganacha dobharoighreacha agus gairbhéil i nGleann Súilí, in inbhear Loch Súilí agus in aice chósta Charn Domhnaigh agus BhunCranncha. Is féidir pointí Astarraingt Sreamhuisce

Poiblí agus na Pleananna ábhartha do Chosaint Screamhuisce a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Chomhairle.

POLASAÍ UIMH. ESP 5(a) – SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ UISCE [Uisce & Fuíolluisce]

Is mian leis an Chomhairle dul de réir Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbeach i leith sceitheadh fuíolluisce intíre isteach in aibhneacha, inbhir agus an fharraige agus le cuidiú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta trí sheachadadh na gcláracha scéimeanna séarachais. Is é polasaí na Comhairle fosta córas uisce inghlachtha agus fóirsteaneach a chur ar fáil do thomhaltóirí de réir na Treorach um Uisce Óil [98/83/EC] agus cuidiú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta trí sheachadadh na gcláracha do scéimeanna soláthair uisce. Cuirtear seirbhísí uisce ar fáil faoin **Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce** [*WSIP*] agus an **Clár Uisce Tuaithe** [*RWP*]

CLÁR INFHEISTÍOCHTA SEIRBHÍSÍ UISCE [CISU/*WSIP*]

Tá an CISU déanta suas as Mórchlár Caipitiúil, an Tionscnamh do Thalamh Seirbhísithe agus an Clár Caomhnaithe Uisce.

Ar an tséala sin, tá sé ar intinn ag an Chomhairle na polasaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

POLASAÍ UIMH. ESP 5 (b) – MÓRCHLÁR CAIPITIÚIL

An mórchlár seo a chur i ngníomh agus aisghabháil a dhéanamh ar chostas caipitil teorannach, nach mbaineann le húsáid uisce tí, trí thaillí uisce a chur i bhfeidhm agus costais chaipitil teorannach do chumas breise a fháil ar ais tríd an Scéim Ranníocaíochta Forbraíochta. Tá an Mórchlár Caipitiúil á threorú ag '*Measúnú Riachtanas ar Sheibhísí Uisce*', ar ghlac ah Chomhairle leis den chéaduair i 1999 agus a ndearnadh leasú air sa bhliain 2003.

POLASAÍ UIMH. ESP 5 (c) – TIONSCNAMH DO THALAMH SEIRBHÍSITHE

Scéimeanna inmharthana a chur i ngníomh tríd an chlár seo agus aisghabháil a dhéanamh ar an chomh-mhaoiniú tríd an Scéim Ranníocaíochta Forbraíochta. Ba é an Rialtas a thug isteach an Tionscnamh do Thalamh Seirbhísithe ar mhaithe le forbairt tithíochta a ghríosadh in áiteanna nach raibh talamh leis na seirbhísí go léir ar fáil iontu. Cuireann an scéim suas le 40% de mhaoiniú ón Státchiste ar fáil do scémeanna tithíochta atá ceadaithe.

POLASAÍ UIMH. ESP 5 (d) – CLÁR CAOMHNAITHE UISCE

Córais smachta ar sceitheadh a chur isteach agus a chothabháil ar gach soláthar uisce sa todhchaí agus UFW a laghdú go leibhéil eacnamaíocha de réir prionsabail forbraíochta inbhuanaithe.

CLÁR UISCE TUAITHE

Tá an Clár Uisce Tuaithe bunaithe ar an Phlean Stráitéiseach d'Uisce Tuaithe ar ghlac an Chomhairle leis sa bhliain 2000. Áirítear an clár do Ghrúpscéimeanna Uisce agus an clár do Scéimeanna Beaga Uisce Poiblí sa Chlár, chomh maith le scéimeanna séarachais. Is féidir amharc ar an Chlár Uisce Tuaithe ar ghréasán idirlín na Comhairle.

POLASAÍ UIMH. ESP 5 (e) – AN CLÁR GRÚPSCÉIME UISCE

Tá sé molta ag an Chomhairle an Clár Scéimghrúpaí Uisce a chur i ngníomh le tacaíocht ón Choiste Monatóireachta Tuaithe agus tacaíocht theicniúil agus riaracháin a chur ar fáil do choistí Grúpscéime agus ceannas a ghlacadh ar an scéim más mian leis na grúpaí é.

Cuireann thart fá 350 de na scéimeanna seo uisce píobaithe ar fáil i gceantair tuaithe agus tá mórán acu príobháideach. Tá laigeachtaí á meas agus curtha in ord faoi thrí cheannteideal: Caighdeán, Soláthar agus Seirbhís. Is iad na scéimeanna nach bhfuil caighdeán inghlactha uisce iontu atáthar a mheas i dtús báire. Tá straitéis leagtha síos le laigeachtaí an chaighdeán uisce a cheartú i ngach scéim atá ag freastal ar níos mó ná 50 duine, cibé iad a cheangal le soláthar poiblí nó áiseanna cóireála uisce a chur isteach. Dá bhrí sin, cuirfidh an Chomhairle clár i bhfeidhm le huasghrádú a dhéanamh ar na Grúpscéimeanna uisce atá ag feidhmiú cheana féin. Lena chois sin, tá soláthar de thuilleadh gréasán soláthair uisce i gceantair tuaithe, a bhuí d'fhorbairt ar ghrúpasceimeanna úrnua, a bhainistiú ag an Chomhairle agus a mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh sé mar pholasaí na Comhairle fosta feiceáil chuige go bhfaigh na custaiméirí uilig soláthar uisce de chaighdeán inghlactha sa dóigh nach ndéanfar dochar do dhaoine nó dá maoin.

POLASAÍ UIMH. ESP 5 (f) – CLÁR NA SCÉIMEANNA BEAGA UISCE POIBLÍ AGUS SCÉIMEANNA SÉARACHAIS

Le tacaíocht ón Choiste Monatóireachta Tuaithe, tá sé ar intinn ag an Chomhairle Clár na Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais a chur i bhfeidhm agus an comh-mhaoiniú a fháil ar ais fríd an Scéim um Chion Tairbhe Forbraíochta.

Tá an Clár Scéimeanna Beaga maoinithe ag an Státchiste ar choinníoll go gcuireann an Chomhairle íosmhéid de 25% de chomh-mhaoiniú ar fáil. I láthair na huaire, tugtar 'scéim bheag' ar cheann ag a bhfuil buiséad níos lú na €635,000. Tá aghaidh tugtha ag an chlár ar 30 scéim den chineál sin ó 1994 i leith, ag meas na riachtanais ghearrthéarmacha atá ag mórán scéimeanna uisce agus fuíolluisce agus ag scrúdú feabhsúcháin mhóra, obair a bheas déanta faoin WSIP amach anseo.

POLASAÍ UIMH. ESP 6 – POLASAÍ LUACHÁLA SHEIRBHÍSÍ UISCE

Tá sé ar intinn ag an Chomhairle polasaí an Rialtais i ndáil le luacháil uisce a chur i bhfeidhm ar úsáid uisce in áiteanna agus i bhfoirgnimh nach tithe cónaithe iad agus dul i gcomhairle leis na húsáideoirí ábhartha i leith forfheidhmiú an pholasaí. Chomh maith leis sin, is é polasaí an Chomhairle an costas caipitil teorannach do sholáthar breisacmhainne fá choinne custaiméirí sa todhchaí, tithíocht a bheas a tógáil san áireamh, a aisghabháil fríd an Scéim Ranníocaíochta Forbraíochta.

I 1998, ghlach an Rialtas le Polasaí Luachála Náisiúnta do Sheirbhísí Uisce, ina bhfuil na forálacha seo a leanas:

- Aisghabháil ar chostais "meán oibriúcháin" agus "caipitil teorannach" i ndáil le soláthar seirbhísí uisce d'úsáideoirí nach tithe cónaithe iad;
- Méadar a bheith curtha ina áit d'iomlán an sórt sin úsáideoirí faoin bhliain 2006;
- An polasaí i ndáil le gan aon táillle a ghearradh ar sholáthar seirbhísí uisce do thithe cónaithe a choinneáil mar atá sé. I gcás costais oibriúcháin, íocfar iad ó Chiste an Rialtais Áitiúil agus íocfar costais infreastruchtúir ó Chlár Caipitil na Roinne.

POLSAÍ UIMH. ESP 7 – SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Is mian leis an Chomhairle comhoibriú le húdaráis béaldorais chomh maith leo siúd i dTuaisceart Éireann, acmhainní a chomhroinnt leo agus clár caipitil a chur i bhfeidhm do Stáisiúin Dóiteáin agus trealamh a athnuachan sa dóigh go mbeidh an teicneolaíocht agus an trealamh is fearr ar fáil do shábháilteacht an phobail.

POLASAÍ UIMH. ESP 8 – COSAINT SHIBHIALTA

Is mian leis an Chomhairle comh-mhaoiniú, tacaíocht bainistíochta agus áit fhóirsteaneach a chur ar fáil le cinntiú go dtig le hÓglaigh Chosaint Sibhialta ar fud an

Chontae a n-aidhmeanna a chur i gcrích agus go dtig leo a gcuid scileanna a mhéadú agus oibriú ag ardleibhéal.

POLASAÍ UIMH. ESP 9 – SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Is mian leis an Chomhairle tacú le sainmheon na Rannóige Tréidliachta sa Chomhairle Contae, i.e. go gcinnteofar go gcloífear leis na caighdeáin is airde le pobal Dhún na nGall a chosaint maidir le sábháilteacht bia, tionchair ainmhithe ar an timpeallacht, aicídeacha a fhaighann daoine ó ainmhithe, tré chur i bhfeidhm reachtaíocht náisiúnta de réir na n-acmhainní faoina gcúram.

Tabharfar tús áite fosta do leas ainmhithe agus sláinte ainmhithe a chur chun cinn agus comh-mhaoiniú, tacaíocht bainistíochta agus cóiríocht fhóirsteaneach a chur ar fáil le cinntiú gur féidir leis an tSeirbhís Tréidliachta a cuid aidhmeanna a bhaint amach agus a hoibleagáidí conarthacha a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach.

POLASAÍ UIMH. ESP 10 – AN TREOIR UM MÓRTHÍONÓISCÍ

Tá sé ar intinn ag an Chomhairle glacadh le moltaí atá curtha le chéile chun laghdú a dhéanamh ar an bhaol agus/nó an toradh a bheadh ar Mhórthaismí, agus na moltaí sin a chur isteach ina Plean Éigeandála agus sna treoirlínte pleanála ar thalamhúsáid. D'fhéadfadh na moltaí sin baint leis an fhad a ba cheart a choinneáil idir an dainséar agus tithe cónaithe, áiteanna poiblí agus/nó ceantair a bhfuil leochaileacht nó suntas nádúrtha ar leith iontu. I dtaca leis seo, beidh dlúthchomhoibriú idir an Chomhairle agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus caithfidh aon iarratas pleanála cloí leis na rialacháin, treoirlínte agus treoracha atá gaolta leis an Treoir um Mórthíonóiscí. Faoi réir Alt 10(2)(k) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2004, tá sé d'iallach ar phlean forbartha cuspóirí a chur san áireamh i gcomhair:

"*rialú na nithe seo a leanas, ag féachaint d'fhorálacha na Treorach um Mórthionóiscí agus d'aon rialacháin, faoi aon achtanán, lena dtugtar éifeacht don Treoir sin, eadhon -*

i bunachas nua a shuíomh
ii bunachas atá ann cheana féin a mhodhnú, agus
iii forbairt i gcomharsanacht bunachas den sórt sin,

d'fhonn priacal mórthionóisce a laghdú nó d'fhonn iarmhairtí mórthionóisce a theorannú".

Tagraíonn an chuspóir seo do Threoir 96/82/EEC (ar a dtugtar Treoir Seveso II) ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus tá sé dírithe ar chosc mórthaismí a mbeadh substaintí contúirteacha ina gcionsiocair leo agus ar theorannú na n-iarmháirtí a bheadh ag a leithéid de thaismí do dhaoine agus don timpeallacht. Caithfear é a chur i bhfeidhm i mbunachais nó i bhfoirgnimh ina ndéantar substaintí contúirteacha a tháirgeadh, a úsáid, a láimhseáil nó a stóráil.

D'fhonn polasaithe agus cuspóirí a chur san áireamh le haghaidh laghdú a dhéanamh ar bhaol mórthaisme agus teorannú a dhéanamh ar iarmhairtí mórthaisme, tá sé d'iallach ar an Phlean Forbairtha suíomh agus nádúr na mbunachas sin atá cheana féin laistigh de cheantar feidhme an phlean a léiriú. Níl a leithéid de shuíomh laistigh de Chontae Dhún na nGall i láthair na huaire. Mar sin féin, d'fhéadfadh athrach a theacht ar an scéal le linn tréimhse an Phlean, dá dtiocfadh laghdú ar na táirseacha stórála do shubstaintí áirithe nó dá n-ardódh an méid substaintí a bheadh a stóráil ag úsáideoirí tionsclaíocha.